NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.9603 – SNCF MOBILITES / THIF)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 93/08)

1. An 21 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SNCF SA ("SNCF", an Fhrainc),

— THI Factory ("THIF", an Bheilg).

Gheobhaidh SNCF rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar THIF ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é SNCF gnóthas iarnróid reatha na Fraince. I measc a chuid gníomhaíochtaí tá iompar paisinéirí agus lastas iarnróid, bainistiú stáisiún agus bonneagair agus gníomhaíochtaí innealtóireachta. Feidhmíonn SNCF rialú aonair ar Eurostar International Limited, oibreoir na seirbhísí idirnáisiúnta iarnróid ardluais a nascann an Ríocht Aontaithe leis an bhFrainc, leis an mBeilg agus leis an Ísiltír trí Thollán Mhuir nIocht idir an Ríocht Aontaithe agus an Fhrainc,

— Is gnóthas iarnróid é THIF atá gníomhach i mbainistiú agus oibriú seirbhísí iompair paisinéirí idirnáisiúnta iarnróid ardluais idir an Fhrainc, an Bheilg, an Ísiltír agus an Ghearmáin faoin ainm Thalys.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.9603 – SNCF MOBILITES / THIF

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË